

Is sinne baill an Tionól Saoránach um Chomhionannas Inscne. Roghnaíodh sinn mar shampla ionadaíoch de phobal na hÉireann, agus is mór an onóir dúinn é urlabhraíocht a dhéanamh dár gcomhshaoránaigh le comhairle a chur oraibhse Éire níos cothromaí ó thaobh inscne a fhorbairt do chách. Seasfaidh ár gcuid moltaí mar chomharba ar na moltaí a tháinig ó na tionóil roimhe: moltaí a chuidigh le sochaí na hÉireann a chlaochlú, le freagairt ar an slí ar mian le pobal na hÉireann maireachtáil san aonú haois is fiche.

Beag beann ar an bpaindéim Covid 19, agus in ainneoin na deacrachtaí a bhaineann le gluaiseacht ar líne, chruinníomar le chéile le meas agus le hoscailteacht, agus d'éistíomar, d'fhoghlaimíomar agus rinneamar machnamh. Tugadh tuiscint níos doimhne dúinn ar chomhionannas inscne, agus ceistíodh ár gcuid tuairimí. D'fhéachamar siar ar stair na hÉireann, bhreathnaíomar ar shochaí na linne seo, agus anois cuirimid faoi bhur mbráid fíís nua de thodhchaí na hÉireann ina bhfuil comhionannas inscne mar ghnáthchleachtas. D'oibríomar go dian lena chéile le haontú ar bheart moltaí a dhéanfaidh fíordhifríocht i saol an ghnáthdhuine in Éirinn, idir sean agus óg, dar linne.

Tá aird ar leith tarraingthe ag Covid 19 ar athrú cultúrtha inár ndearcadh maidir le neamhionannas inscne i saol na tíre. Nochtaigh sé easnaimh agus an neamhionannas inscne nach gcuirfeall suas leo a thuilleadh. Tá athruithe á lorg againn anois. Creidimid gur gá ár gcuid dlíthe agus polasaithe a athrú ó bhonn le go mbeidh siad in oiriúint don domhan iar-Covid.

Iarraimid oraibh cuimhneamh ar an méid seo a leanas agus sibh ag freagairt dár gcuid moltaí, agus nuair a bheidh dlíthe agus polasaithe níos fadtéarmaí á fhorbairt agaibh.

- Gabhann comhionannas inscne le cearta an duine, le dlí agus le cothroime. Bíodh sé mar bhunchloch i ngach aon chaidreamh inár sochaí. Tá freagracht ar leith ar an Stát caitheamh lena chuid saoránaigh go cothrom, beag beann ar a n-aitheantas inscne, ag comhlíonadh Airteagal 40.1 dár mBunreacht (*"Áirítear gurb ionann ina bpearsain daonna na saoránaigh uile i láthair an dlí"*).
- Cé go bhfuil go leor neamhionannais i saol ban ar gá a dhíbirt, aithnímid go ngéaraítear ar neamhionannas inscne nuair a bhíonn leithcheall ar chúinsí eile déanta freisin. Fulaingíonn fir de dheasca neamhionannais, easpa deise, agus leithcheall chomh maith. Déanann roinnt de na

seanghnásanna inscne agus steiréitíopaí an-díobháil agus damáiste do gach inscne. Fulaingíonn daoine trasinscneacha nó neamh-dhénártha toisc cineálacha áirithe neamhionannais. Is chun leasa sochaí iomlán na hÉireann a bheidh sé, má chuirtear na moltaí uainne maidir le comhionannas inscne a bhrú chun cinn i bhfeidhm, beag beann ar aitheantas inscne. Tá athrú iompraíochta á mholadh againn le go mbeidh urraim againn do gach saoránach, is go gcaithfidimid leo le meas.

- Bhí sé soiléir, fiú roimh Covid 19, go raibh gá na múnlaí cúraim againn a athrú ó bhonn le deimhniú go gcaithfí le meas le gach aon duine inár sochaí, agus go mbeadh cúram ar ardchaighdeán á sholáthar againn do chách ag gach tráth den saol. I ndiaidh na paindéime, tá sé níos práinní fós struchtúir gairme agus pá atá dea-dheartha, agus le maoiniú poiblí, a bhunú le haghaidh cúramóirí. Is chun leasa ár sochaí an sárobair luachmhar a dhéanann siad sa bhaile agus sa phobal i gcoitinne.
- Athrú uailmhianach seachas céim ar chéim atá de dhíth chun deimhniú go mbeidh institiúidí polaitiúla, gnó, spóirt agus cultúrtha níos ionadaíche do shochaí na hÉireann maidir le cothromaíocht inscne agus ionadaíocht mionlaigh. Gan idirdhealú dearfach chun líon na mban in oifig ag leibhéal náisiúnta agus áitiúil, beidh an t-athrú ró-mhall ag teacht agus tá an t-athrú uainn anois.
- Tá comhionannas inscne riachtanach don eacnamaíocht inbhuanaithe cothromasach. Cabhraíonn sé le bochtaineacht a laghdú agus fás eacnamaíoch a chur chun cinn. Sa láthair oibre, caithfear deireadh a chur leis an mbearna phá idir na fir agus na mná, agus tá gá le cothromaíocht oibre is saoil chun tairbhe ár dteaghlaigh agus an sochaí.
- Caithfear ruaig a chur ar steiréitíopáil inscne agus seanghnásanna inscne, ag baint leasa as an gcóras oideachais chomh maith. Caithfear tacaíocht a thabhairt do chách a mianach féin a bhaint amach, beag beann ar a n-aitheantas inscne. Tá gá le beart reachtach chun freagracht a éileamh ó chomhlachtaí teicneolaíochta agus meáin shóisialta, go n-aithneoidís is go mbainfidís anuas ábhar ina bhfuil maslú nó foréigean gnéasach mar chuid de, le bonn inscne san áireamh.
- Níl aon áit inár sochaí don fhoréigean ar bhonn inscne. Tacaímid leis an ardaidhm i gCoinbhinsiún Istanbul Eoraip a chruthú atá saor ó fhoréigean

i gcoinne ban agus gach aon chineál foréigin baile. Is mian linn go n-oibreoidh ár Rialtas go dian leis an sprioc seo a bhaint amach.

Éilíonn ár gcuid moltaí seirbhísí pobail níos fearr agus coimirce sóisialta feabhsaithe le comhionannas inscne a chur chun cinn. Ba chóir maoiniú a sholáthar, ar an gcéad dul síos, tríd éifeachtúlacht agus cuntasacht as maoiniú poiblí, agus athordú tosaíochta a dhéanamh idir chaiteachas reatha agus ardú ioncaim. Más gá, táimid sásta freisin tacú le agus íoc as ardú cánach bunaithe ar phrionsabail acmhainn chun íoc, lenár gcuid moltaí a fhíorú.

Bhaineamar taitneamh as ár gcuid oibre sa Tionól agus d'fháiltíomar roimh an deis ár gcuid tuairimí a chur san áireamh. Dheonaigh gach aon duine againn an t-uafás ama agus iarrachta san obair seo, mar gur thuigeamar go rí-mhaith an tábhacht a bhaineann le téama an chomhionannais inscne inár saoil féin, agus i bhforbairt sláintiúil ár sochaí.

Iarraimid oraibh glacadh lenár gcuid moltaí leis an díograis chéanna, agus iad a chur i bhfeidhm gan mhoill le comhionannas inscne a chur ar bun in Éirinn.